# RÁITEAS BEARTAIS AR AN gCOMHSHAOL

Is le Bord Soláthair an Leictreachais (ESB) an córas dáileacháin leictreachais a úsáidtear le leictreachas a sholáthar do chustaiméirí ar fud na tíre agus tá sé freagrach chomh maith as an gcóras sin a fhorbairt agus a chothabháil. Is le ESB an córas tarchurtha leictreachais freisin cé go ndéanann sé é a chothabháil agus a fhorbairt de réir bheartais agus pleananna atreisithe córais EirGrid. Is é ESB Networks a bhainistíonn na gníomhaíochtaí agus na próisis a bhaineann le bainistiú na líonraí leictreachais sin thar ceann ESB.

Aithníonn ESB Networks go mbíonn tionchair ag a chuid gníomhaíochtaí ar an gcomhshaol agus go bhfuil sé de dhualgas air na tionchair sin a bhainistiú ar bhealach a chuireann cosc ar thruailliú agus a thugann ardleibhéal cosanta don chomhshaol nádúrtha, ach a chuireann le forbairt inbhuanaithe ár ngeilleagair ag an am céanna.

Seo a leanas ár ngealltanais:

- Ár gcuid gníomhaíochtaí agus na gníomhaíochtaí siúd a dhéantar thar ár gceann a dhéanamh ar bhealach atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus atá i gcomhréir le gach ceangaltas dlí agus ceangaltas eile agus le gach beartas agus caighdeán comhlachta a bhaineann leis an gcomhshaol.
- Córas éifeachtach bainistíochta comhshaoil a fhorbairt agus a chothabháil.
- An comhshaol a chosaint agus truailliú a chosc ach na gnéithe agus tionchair chomhshaoil a bhaineann lenár gcuid gníomhaíochtaí, seirbhísí agus próiseas gnó a aithint, a bhainistiú agus a athbhreithniú go rialta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gclár comhshaoil go rialta d'fhonn a chinntiú go bhfeabhsaítear ár bhfeidhmíocht chomhshaoil go leanúnach agus le creat a leagan síos ar dá réir a bhféadtar cuspóirí agus spriocanna comhshaoil a shocrú agus a athbhreithniú.
- Acmhainní nádúrtha a úsáid go freagrach.
- Cúrsaí comhshaoil a chur sa mheá i gcúrsaí pleanála agus cinnteoireachta.
- Iarrachtaí a dhéanamh ar bhonn leanúnach chun éifeachtúlacht fuinnimh ár líonraí, ár bhfoirgneamh agus ár bhfeithiclí a uasmhéadú.
- Táirgeadh gach cineáil dramhaíola a íoslaghdú oiread agus is féidir, gach bruscar a aimsítear ar shuíomhanna de chuid ESB Networks a bhaint go pras agus gach cineál dramhaíola iarmharaí a dhiúscairt ar bhealach slán sábháilte, freagrach.
- Taifead a choinneáil ar gach teagmhas agus gearán comhshaoil agus freagairt dá leithéid gan aon rómhoill.
- Feasacht ar chúrsaí comhshaoil agus inbhuanaitheachta a chur chun cinn i measc na mball foirne, conraitheoirí agus soláthraithe, agus aird chuí a thabhairt ar na treoirphrionsabail sin sna cinntí infheistíochta agus caiteachais a dhéanaimid.
- An oiliúint is gá a chur ar bhaill foirne maidir leis na cúrsaí comhshaoil a bhaineann lenár gcuid gníomhaíochtaí gnó.
- An Ráiteas Beartais seo a chur ar fáil dár mbaill foirne, conraitheoirí agus páirtithe leasmhara go léir.

Síniú: Dáta: 4 Meitheamh 2019

Paul Mulvaney

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Seachadadh Líonra do Chustaiméirí, ESB Networks

ESB Networks, Teach Chlann Liam, Cúirt Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2. Eagrán 2, Leasú 0.

Cóipcheart © 2016 ESB



Bíonn an doiciméad seo neamhrialaithe nuair a chuirtear i gcló é. Déan a bhailíocht a sheiceáil roimh a úsáide.